# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Nótaí

| Siombail | Ainm | Úsáid |
|---|---|---|
| ✓ | Cuir tic | Eolas ceart |
| ✓1 | Cuir tic ar 1 | Ceart. Tabhair 1 mharc |
| ✓2 | Cuir tic ar 2 | Ceart. Tabhair 2 mharc |
| ✓3 | Cuir tic ar 3 | Ceart. Tabhair 3 mharc |
| ✓4 | Cuir tic ar 4 | Ceart. Tabhair 4 mharc |
| ✓5 | Cuir tic ar 5 | Ceart. Tabhair 5 mharc |
| X | Cros | Eolas mícheart |
| ^ | Carait | Tuilleadh eolais ag teastáil/eilimint ar iarraidh. |
|  | Líne chorrach chothrománach | Eolas míchruinn/ meancóg |
|  | Líne chorrach cheartingearach | Níl aon obair ar an leathanach seo/ ar chuid den leathanach seo |

# Achoimre ar na marcanna: Iomlán 280 marc

| | | | |
|---|---|---|---|
| **C.1 (35)** | **(a)** (i) 2 (ii) 3 | **(b)** (i) 2 | **(c)** 9 |
| | **(d)** 3 | **(e)** 8 | **(f)** (i) 2 (ii) 4 (iii) 2 |
| **C.2 (49)** | **(a)** (i) 4 (ii) 7 (iii) 4 (iv) 2 (v) 2 | | **(b)** 8 |
| | **(c)** (i) 2 (ii) 4 | | **(d)** 16 |
| **C.3 (70)** | **(a)** (i) 4 (ii) 4 | **(b)** 4 | **(c)** 20 |
| | **(d)** 8 | **(e)** 30 | |
| **C.4 (59)** | **(a)** (i) 2 (ii) 6 | **(b)** (i) 4 (ii) 8 | **(c)** 7 |
| | **(d)** 4 | **(e)** 28 | |
| **C.5 (37)** | **(a)** (i) 2 (ii) 8 | **(b)** 15 | **(c)** (i) 8 (ii) 4 |
| **C.6 (30)** | **(a)** 12 | **(b)** 8 | **(c)** (i) 4 (ii)3 (iii) 3 |

**Caighdeán an ráitis i ráitis 'suas go':**

**Mínithe/Cur Síos:** **Suas go 2**
- Minithe láncheart de téarmaí = 2
- Roinnt tuillteanais = 1

**Suas go 4**
- Láncheart = 4
- Níl sé go hiomlán ceart = 3
- Ráiteas ginearálta = 2
- Roinnt tuillteanais = 1

Maidir le ceisteanna ilrogha, nuair a bhíonn níos mó freagraí ná atá ag teastáil, cealaíonn freagra mícheart **breise** freagra ceart.

I gceisteanna ina thugtar freagair amháin agus é scriosta amach gan freagra eile scríofa ina n-áit – féadfar lánmharc a bhronnadh don fhreagra.

**N.B.** Ní mór do fhreagraí a bheith cruinn i ngach slí chun lánmharc a bhronnadh.

**Ceist 1** 35

**Sliocht 1, a sheinnfear dhá uair.**

**(a)** Éist leis an sliocht agus freagair na ceisteanna thíos.

**(i)** Is í an uirlis a seinntear an phríomhshéis Trumpa 2

**(ii)** Baineann an uirlis sin le fine Práis 3

**Sliocht 2, a sheinnfear dhá uair.**

**(b)** Tá an tionlacan bunaithe

| ar mhóitíf 2 nóta | ar mhóitíf 3 nóta | ar mhóitíf 4 nóta |
|---|---|---|
| ☑ | ☐ | ☐ |

2

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**


**(c)** Uimhrigh na huirlisí de réir an oird ina gcloistear iad.

| Uirlisí | An t-ord ina gcloistear iad |
|---|---|
| Olldord | **3** |
| Foireann drumaí | 1 |
| Pianó | **2** |
| Sacsafón | **4** |

9m=
3m x 3

**Sliocht 4, a sheinnfear dhá uair**

**(d)** Cé acu de na grafaicí thíos a léiríonn cruth na séise?



3

**Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** Déan cur sios ar dhá ghné den cheol a sheinntear ar an olldord sa sliocht seo.

Gné 1:

Seinntear *pizzicato*/ nótaí stoithe
Dord Siúlach
Céimeanna don chuid is mó
Gluaiseacht scálach/scálaí
Seinntear ar gach buille
Roinnt Nótaí Crómatach/Gormacha
Nótaí athdhéanta
Scála síos (ag an deireadh)

Aon fhreagra bailí eile faoin olldord.

Ag dul suas agus síos an scála = Ceadaigh 3 mharc

Suas go 4

Gné 2:

Suas go 4

**Cur Síos:** **Suas go 4 mharc**

- Ráiteas láncheart = **4 mharc**
- Ráiteas nach bhfuil go hiomlán ceart= **3 mharc**
- Ráiteas ginearálta faoi cheol an olldoird= **3 mharc**
- Ráiteas Ginearálta den cheol (ní cheol an tOlldord) = **2 mharc**
- Roinnt Tuillteanais/ tagairt don mhothú = **1 mharc**

- Tá **cúig** nóiméad agat chun cuid **(f)** a fhreagairt.

- Níl aon cheol ar an taifeadadh don cheist seo.

**(f)** Tá an tobchumadh ar cheann de na gnéithe a bhaineann leis an snagcheol, rud a chloistear i **Sliocht 5**.

**(i)** Mínigh an téarma tobchumadh.

Freagra:

Crúthú ceoil go spontáineach /Ag seinm ceoil bunaithe ar smaoineamh ceoil reatha séiseach nó armónach/ línte a chumadh ar ala na huaire
Aon fhreagra bailí eile

Suas go 2

**(ii)** Déan cur síos ar ghné cheoil de thionlacan armónach nó rithimeach atá cumtha agat.

Freagra:

Aon chur síos bailí.

Suas go 4 mharc de chur síos ar **ghné cheoil** a chum siad.

Suas go 4

**(iii)** Déan cur síos ar an gcaoi ar thaifead tú an tionlacan sin.

Freagra:

Aon cur síos bailí.

Suas go 2 mharc de **chur síos** ar an gcaoi ar thaifead siad a dtionlacan

Suas go 2

**Ceist 2** 49

**(a) Sliocht 1, a sheinnfear uair amháin.**

- Éist leis an sliocht agus an scór thíos á leanúint agat.
- Freagair na ceisteanna thíos agus ar an gcéad leathanach eile.




**(i)** Cuir isteach an t-amchomhartha atá ar iarraidh ag **X** ar an

¾ = 4 mharc
3 amháin scríofa = 2 mharc

4

**(ii)** Cad iad litirainmneacha na dtrí nóta ag **Y** (barra 5)?

| Nóta 1: | D | Nóta 2: | F♯ | Nóta 3: | A |
|---|---|---|---|---|---|

7 marc
(4,2,1)

**(iii)** Déanann na trí nóta sin corda


Mórghléas A ☐ Mórghléas D ☑ Mionghléas B ☐

4

**(iv)** Ainmnigh nóta amháin ar an scór nach cuid den chorda a roghnaigh tú i gcuid **(iii)**.

| Ainm an nóta: | G | 2 |
|---|---|---|

**(v)** Cé acu díobh seo a leanas is fearr a dhéanann cur síos ar an nóta beag roimh an gcroisín?



- ☐ Fuaimniú
- ☑ Ornáidiú
- ☐ Sioncóipiú

2

**Sliocht 2** agus **Sliocht 3, a sheinnfear dhá uair.**

**(b)** Déan tagairt do ghnéithe ceoil chun cur síos ar dhá dhifríocht idir **Sliocht 2** agus **Sliocht 3**.

Difr

Suas go 4 mharc d'aithint cheart difríocht/éagsúlacht idir na dá sliocht.
Mar shampla;

- Ceolfhoirniú/Ionstraimiú
- Luas
- Dinimicí
- Úsáid na n-éifeachtaí próiseála
- Armóin (comhcheol) difriúla

Aon fhreagra bailí eile
Tagairt don mhothú = 1 mharc
Ní mór tagairt a dhéanamh den dá sliocht nó úsáid a bhaint as téarma coibhneasta. Mar shampla: **Níos** moille, **níos** tapúla srl.

Suas go 4

Suas go 4

Difr

**(c) Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(i)** Cé acu atá fíor faoin tonúlacht sa sliocht seo?

- ☐ athraíonn sí ó mhórghléas go mionghléas
- ☑ athraíonn sí ó mhionghléas go mórghleas
- ☐ tá sí i mórghléas ó thus deireadh
- ☐ tá sí i mionghléas ó thus deireadh

2

**(ii)** Déan cur síos ar an tionlacan a chloistear sa sliocht seo.

Freagra:

Suas go **4 mharc** do chur síos ceart ar an tionlacan

Tionlacan válsa.
Dordnótaí ar an gcéad bhuille, cordaí ar an dara agus triú buille.
Réthionlacan
Tionlacan Staccato (scartha)
Nótaí athdhéanta/ cordaí athdhéanta
Tionlacan 'Oom cha cha'
Uirlis tionlacan a ainmniú agus cur síos ceart a thabhairt ar an gcaoi a sheinntear: M.s: Rolladh ar an Sreangdhruma

Aon fhreagra bailí eile


Suas go 4

**Cur Síos:** **Suas go 4 mharc**

- Ráiteas láncheart = **4 mharc**
- Ráiteas nach bhfuil go hiomlán ceart = **3 mharc**
- Uirlis tionlacain a ainmniú gan cur síos ar an rud atá á dhéanamh aige/ Ráiteas ginearálta faoin gceol = **2 mharc**
- Roinnt tuillteanais/ tagairt don mhothú/ dinimicí/ freagra cineálach = **1 mharc**

**Sliocht 5, a sheinnfear cúig huaire.**

**(d)** Cuir isteach rithim na **n-ocht** nóta atá ar iarraidh i mbarraí 5-6 ar an gcliath thíos.



16 mharc

2 mharc x 8

Marcáil ó chlé go deas na chéad 8 nóta

70

**Ceist 3**

**(a) Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(i)** Cad é foirm an cheoil sa sliocht seo?

| AABB | ABAB | ABBA |
|---|---|---|
| ☑ | ☐ | ☐ |

4

**(ii)** Cad a thugtar ar an bhfoirm sin?

Freagra: Dénártha / Foirm Dhénártha

4

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(b)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil sa sliocht seo.

Freagra:

Ní mór **cur síos** cruinn ar shraith ceoil cloiste sa cheoil a bheith san fheagra.

- Arpéitsí athdhéanta (athsheinnte) ar an gcruit/pátrún córda briste (cúigphléadach)/ tionlacan
- Móitífeanna aonarach ar ghaothuirlisí agus práis/ séiseanna ghearra / comhrá/ ceist(glao) is athfheagra/ Uirlisí aonréadacha ag teacht isteach ceann ar cheann; Corn Francach, Dordchlairinéad, Óbó, Clairinéad, Fliúit.
- Nótaí marthanacha ar na téaduirlisí
- Roll/Tormáil ar an tiompáin

Ní gá tagairt a dhéanamh do '-fónach' má tá cur síos cruinn don cheoil cloiste ann.


Aon fhreagra bailí eile

Suas go 4

**Sliocht 3, a sheinnfear ceithre huaire.**

**(c)** Cuir isteach na **cúig** nóta atá ar iarraidh i mbarraí 1–2. Úsaid an rithim a thugtar.

Féadfaidh tú cliathnodaireacht nó sólfá tonach a úsáid.




5x4marc =20marc

Marcáil an chéad chúig nóta ó chlé go deas

Gach airde atá ceart: 4

Má tá an airde mícheart:

- Treo ceart + idirchéim diatonach cheart = 3m
- Treo ceart + idirchéim mhícheart = 2m
- Treo mícheart 0

- Ceadaigh úsáid as sólfa tónach do mharcanna iomlán.
- Má thugtar airde agus sólfa, ceartaigh an dá cheann agus bronn marc don fhreagra is fearr.
- Cuir tic do sólfa tónach os cionn na cléithe agus cuir tic do cliathnodaireacht taobh thíos na cléithe.

- Tá **ocht** nóimead agat chun cuid **(d)** agus **(e)** a fhreagairt.
- Níl aon cheol ar an taifeadadh do no ceisteanna seo.

**(d)** Ainmnigh dhá phíosa ceoil a bhfuil staidéar déanta agat orthu agus ar den ré agus den stíl chéanna iad, a bheag nó a mhór, agus ar cumadóirí éagsúla as tíortha éagsúla a chum iad.

| | |
|---|---|
| Cumadóir 1: | |
| Píosa ceoil: | |

Suas go 2+
Suas go 2

| | |
|---|---|
| Cumadóir 2: | |
| Píosa ceoil: | |


Suas go 2+
Suas go 2

Ní mór beirt cumadóir ó thíortha éagsúla a bheith ann chun lánmharc a bhronnadh.

Má bhíonn banna/ceoltóir scríofa, caithfidh an banna/na ceoltóirí go léir a bheith páirteach mar cumadóirí chun lánmharc a bhronnadh.

**Tasc Cumadóireachta**

**(e)** Cuir siombailí corda oiriúnacha sna boscaí a thugtar thíos chun dúntaí a chruthú ag **X**, **Y** agus **Z**.



**Greille an chordbhainc – Mórghléas G**

| Nótaí an chorda | D<br>B<br>G | E<br>C<br>A | F♯<br>D<br>B | G<br>E<br>C | A<br>F♯<br>D | B<br>G<br>E | C<br>A<br>F♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombal an chorda | G | Am | Bm | C | D | Em | F♯° |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |



Áit ina bhfuil fréamh an chorda ceart, ach tá an iarmhír in easnamh: 0 marks
Bm nó iii = 1m
F♯° nó vii° = 0m

**N.B. Uimhreacha Rómhánacha**

**De bharr an cinéal taisc sa chumadóireacht armóineach i 2025, agus an baint láidir cheolmhar atá ann ag cur síos ar dúntaí ag úsáid uimhreacha rómhánacha, glactar le huimhreacha rómánacha le haghaidh lánmharcanna.**

Ní mór don nodaireacht uimhreach Rómhánaigh a bheith go hiomlán cruinn.
Ceannlitreacha do phríomhchordaí (I, IV, V)
Litreacha beaga do mhionchordaí (ii, iii, vi).

Dhá chorda cheart a chruthaíonn dúnta.

✓ + ✓ = 5 + 5

Dhá chorda a armónaíonn ach nach gcrúthaíonn dúnta mar gheall ar chorda **amháin**.

✓ + ✓ = 5 + 2 nó v versa.

Dhá chorda a armónaíonn ach nach gcrúthaíonn dúnta mar gheall ar an **dá** corda.

✓ + ✓ = 2 + 2

Corda amháin atá go hiomlán cruinn agus atá in an dúnta a chrúthú agus an corda eile go hiomlán mícheart.

✓ + X = 5 + 0 nó v versa.

Armónaíonn corda amháin ach **níl** sé in ann dúnta a chrúthú agus an corda eile go hiomlán mícheart.

✓ + X = 2 + 0 nó v versa.

**Ceist 4** 59

**(a) Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(i)** Mínigh an téarma 'fuaimeanna aimsithe'.

Freagra:

Is iad fuaimeanna aimsithe ná fuaimeanna laethúla á úsáideann cumadóir agus a úsáidtear i bpíosa ceoil.

Fuaimeanna cruthaithe ag gnáthrúdaí laethúla agus ní chruthaítear iad ar ghnáthuirlisí nó gutha.

Aon fhreagra bailí eile

Suas go 2

**(ii)** Sainaithin dhá fhuaim aimsithe a chloistear sa sliocht seo.

Fuaim aimsithe 1:

Boinn (nó Airgead)/ Scipéad cláraithe/ Páipéar á stróiceadh/ páipéar á tharraingt/ boinn ag gliogarnach / cnaipí á mbrú cnáipí ar scipéad cláraithe
Aon fhreagra bailí eile


2x3 marc

Fuaim aimsithe 2:


(b) **Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(i)** Roghnaigh an rithim a mheaitseálann an cnagcheol colainne a chloistear sa sliocht seo.

☐ 

☑ 

4

☐ 

**(ii)** Déan cur síos ar dhá ghné cheoil den fhonnadóireacht taca sa sliocht seo.

Gné 1:

Cantar 'oohs' marthanacha fada faoin bpríomhghuth
Cantar líne comhcheol/armóin le téacs leis na príomhghuthanna
Cantar bloc-chordaí
Úsáid aisfhuaimniú ar na fonnadóireachta taca
Cantar dlútharmóin
Patrún athdhéanta
Cantar móitíf/ríf idir idir na línte de na príomhghuthanna. (Ceadaigh portaireacht béil)
Meiliosma
Cantar in aithris.

Aon fhreagra bailí eile

Tagairt do ghuth teanóir amháin = 1mharc
Tagairt do dhordghuth amháin = 1 mharc
Tagairt do teanóir & dhordghuth =2 mharc

Suas go 4

Suas go 4

**Sliocht 3, a sheinnfear uair amháin.**

**(c)** Cloistear a lán éifeachtaí próiseála sa sliocht seo. Ainmnigh éifeacht phróiseála a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus dean cur síos ar an tionchar atá aici ar an gceol.

3 mharc

| | |
|---|---|
| Éifeacht phróiseála: | |
| Cur síos: | |
| | |
| | |


Aon éifeacht phroiseála bhailí

**Ní mór** don chur síos an éifeacht phróiseála a mheatsáil.


Suas go 4 mharc


**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Roghnaigh an tséis a mheaitseálann an ceol gutha a chloistear sa sliocht seo.

☑ 


4

☐ 


☐ 

- Tá **ocht** nóiméad agat chun cuid **(e)** a fhreagairt.

- Níl aon cheol ar an taifeadadh don cheist seo.

Suas go 28 marc

**Tasc Cumadóireachta**

**(e)** Cum séis i mórghléas D. Críochnaigh ar an ngléasnóta/dó.





| | **Caighdeán na séise agus na rithime.** | **Suas le 28** |
|---|---|---|
| **Banna** | **Cur Síos** | **Marcanna** |
| **1** | • Cruth agus tuiscint sármhaith ar ghléas agus ar threo sa tséis.<br>• Rithim agus sruth sármhaith. | 25–28 |
| **2** | • Cruth agus tuiscint an-mhaith ar ghléas agus ar threo sa tséis<br>• Rithim agus sruth an-mhaith. | 20–24 |
| **3** | • Cruth agus tuiscint mhaith ar ghléas agus ar threo sa tséis<br>• Rithim agus sruth maith. | 15–19 |
| **4** | • Cruth agus tuiscint réasúnta maith ar ghléas agus ar threo sa tséis<br>• Rithim agus sruth réasúnta maith. | 10–14 |
| **5** | • Cruth agus tuiscint lag ar ghléas agus ar threo sa tséis<br>• Rithim agus sruth lag. | 5–9 |
| **6** | • Cruth agus tuiscint lag ar ghléas agus ar threo sa tséis<br>• Beagán iarrachta nó iarracht ar bith, cruth séiseach neamhrialta.<br>• Rithim agus sruth an-lag | 0–4 |

**Soiléiriúcháin**

1. Caithfidh séiseanna a bheith sármhaith ó thaobh gach gné de (struchtúr, sruth agus ciall don treo) chun iad a chur sa bharrbhanda.

2. Ní chiallaíonn botún beag sa rithim nach féidir leis an séis a bheith sa bharrbhanda

**Ag leanúint ar aghaidh le sin;**

a) Ní féidir le séiseanna nach gcríochnaíonn ar dó a bheith sármhaith (níl an chiall don treo sármhaith) agus mar sin ní féidir leo a bheith sa bharrbhanda.
b) Ní féidir le séiseanna le réimse cúng, a bheith sármhaith (níl an chiall don chruth agus an chiall don treo sármhaith) agus mar sin ní féidir leo a bheith sa bharrbhanda.
c) Ní mór na cuntais a chur le chéile chun an bhanda ceart a aimsiú agus an áit sa bhanda a fháil amach.

**Ceist 5**

37

**(a) Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire**.

**(i)** Tá an tionlacan san amhrán seo bunaithe ar ostinato. Mínigh an téarma sin.

Freagra:

Patrún a sheinntear **arís agus arís** agus a choimeádtar tríd an bpíosa ceoil **go leanúnach** de ghnáth;

Níl gá tagairt don sliocht a dhéanamh chun lánmharc a fháil.

Aon fhreagra bailí

Suas go 2 mharc

**(ii)** Déan cur síos ar dhá shraith fuaime eile a chuirtear leis an ostinato.

Sraith f

Suas le 4 mharc do shraith fuaime a sainaithin go ceart le cur síos cruinn (más féidir) **3+1 mark**

Suas go 4 mharc

Guthanna aonréadacha curtha leis an séis.
Pillín maisíocht fuaime SFX/ fuaim leictreonacha curtha leis, - iad ag seinnt córda marthanacha/nóta marthanacha/ ag úsáid peanáil.
Cur síos ar Éifeachtaí phroiseála curtha leis an ostinato
Sintéiseoir ag seinm cordaí
Guthanna fonnadóireachta curtha leis (cur síos ar rud a amháin a dhéantar)
Dordghiotáir curtha leis ag seinm (fréamh) nótaí an chorda curtha leis.
Sintéiseoir/piano airde ag seinm nótaí athdhenata airde ar an seachbhuille.

Sraith f

Aon fhreagra bailí cuí

Suas go 4 mharc

Uirlis a ainmniú/Sraith fuaime a sainaithiny **= 3 mharc**, cur síos ar an bpáirt a ghlacann an uirlis riachtanach chun lánmharc a fháil

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

- Cuireann na boscaí a bhfuil tic iontu i mbarraí 1–4 in iúl an áit a n-athraíonn na cordaí.

**(b)** Cur tic i gcúig bhosca i mbarraí 5–8 ina gcloiseann tú athrú corda.




15 marc (5,4,3,2,1)

• Tá **cuig** nóimead agat chun cuid **(c)** a fhreagairt.

• Níl aon cheol ar an taifeadadh don cheist seo.

**(c)** Na healaíontóirí ceoil go léir sa cheist seo, bhuaigh said gradam, nó ainmníodh iad i gcomhair gradaim, sa chomórtas, Duais Rogha Ceoil RTÉ (*RTÉ Choice Music Prize*).

**(i)** Déan cur síos ar dhá ghné cheoil atá tábhachtach in amhrán, i do thuairim féin, chun an gradam sin a bheith tuillte aige.

Gné 1:

D'fhéadfadh cur síos a bheith ann de

- Cothromaíocht
- Iontonú/ Tiúnáil
- Urlabhra
- Úsáid Nótaí (airde)/rithim
- Úsáid na diniminí
- Éifeacht Próiseála
- Strúctúr an amhráin

Suas go 4 mharc

Gné 2:

Aon fhreagra bailí cuí

Gné amháin a sonrú ach gan cur síos a dhéanamh ar = **2 mharc**.
Tagairt do na liricí = **2 mharc**

Tagaith don mhothú = **1 marc**

Suas go 4 mharc

**(ii)** Tabhair cuntas ar an méid ama a thugtar d'ealaíontóirí agus do cheoltóirí Éireannacha ar na meáin éagsúla áitiúla nó náisiúnta.

Freagra:

Ní mór **tuiscint** ar thaigdhe a rinneadh mar chuid den intinní foghlamá a thaispeáint chun lánmharc a fháil.

Mar shampla: Seinntear Ceoltóirí Éireannacha níos lú ná Ceoltóirí idirnaisiúnta ar na meáin.

Ní gá ach cinéal meáin amháin a lua chun lánmharc a fháil.

Áirítear ar na 'meáin' – Teilifís, Raidió, Nuachtán, srl, gan a bheith teoranta dóibh.

Suas go 4 mharc

30

**Ceist 6**

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire .**

**(a)** Cuir tic sna boscaí cuí le cur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ráiteas.

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| **(i)** Tá luas an tsleachta an-ghasta. | ☐ | ☑ |
| **(ii)** Cloistear nótaí athdhéanta sa phríomhshéis. | ☑ | ☐ |
| **(iii)** Cloistear ornáidiú sa tséis. | ☑ | ☐ |
| **(iv)** Cordaí briste is mó a chloistear sa tionlacan. | ☐ | ☑ |

4x3 mharc

**Sliocht 2, a sheinnfear dhá uair**

**(b)** Déan cur síos ar dhá shlí a bhfuil an cóiriú seo den amhrán éagsúil leis an gcóiriú a chuala tú i **Sliocht 1**.

Difríocht 1:

Suas go 4 mharc d'éagsúlacht bhaillí ar ghné cheoil sa dá sliocht.
Mar shampla:

- Ionstraimiú
- Cur síos ceart ar na difríochtí dinimice
- Stíl
- Úsáid na hornáidíochta
- Armóin difriúla

Aon difríocht bhailí cloiste i sliocht 1 & 2

Tagairt don mhothú= 1 mharc

Suas go 4 mharc

Difríocht 2:

Suas go 4 marc

**(c) Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(i)** Cad é buille an cheoil?

3 ☑ 4 ☐

**(ii)** Sainaithin gné amháin den tséis.

Freagra:

Ornáidíocht
Réimse Leathan
Notaí Athdhéanta
Staccato
Frásaí a athsheinnt
Meascán de chéimeanna agus léimeanna ann

Aon fheagra bailí

3 mharc

**(iii)** Sainaithin gné amháin den rithim.

Freagra:

Sioncóipiú
Anacrúis/Buille suas
Móitíf rithime athdhéanta/Ostinato
Leathchamán á úsáid don chuid is mó
Úsáid a bhaint as sosanna
Úsáid a bhaint as (ciombal) troitheáin ar na seachbhuilli

Aon fheagra bailí

3 mharc

## Aitheantais Fuaime

**<u>Ceist 1</u>**

**Sliocht 1 agus 2**
Ella Fitzgerald and Louis Armstrong. 'Summertime', *Porgy and Bess*, UMG Recordings Inc, 1958.
**Sliocht 3**
Brubeck, D. 'Take Five', *Dave Brubeck's Greatest Hits*, Song Music Entertainment, 1959.
**Sliocht 4**
Gordon, D. 'Cheese Cake', *Go Dexter Gordon (Athmháistrithe by Rudy Van Gelder Edition 1999)*, Blue Note Records, 1999.
**Sliocht 5**
Brubeck, D. 'Heigh-Ho (The Dwarf's Marching Song), *The Dave Brubeck Quartet-Dave Digs Disney*, Sony Music Entertainment, 1957.

**<u>Ceist 2</u>**

**Sliocht 1 agus 2**
Rieu, A. 'The Blue Danube', *André Rieu, Magic of the Waltz*, André Rieu Productions Holding B.V., 2016.
**Sliocht 3**
Hidden Citizens. 'The Blue Danube- Epic Trailer Version', *Revivals, Vol. 2 (Epic Trailer Version)*, Silverside Productions, 2020.
**Sliocht**
Shostakovich, D. 'Waltz No 2 from Jazz Suite No. 2', *Shostakovich: the Jazz Album*, Decca Music Group, 1993.
**Sliocht 5**
Trad. 'Donna Nobis Pacem', Coimisiún na Scrúduithe Stáit, 2025.

**<u>Ceist 3</u>**

**Sliocht 1**
Hambly, G. 'The Geese in the Bog', *Masters of the Irish Harp*, RTÉ Lyric Fm, 2011.
**Sliocht 2**
Boyle, I. 'The Magic Harp', *Bournemouth Symphony Orchestra, Dan Godfrey Encores*, Vocalion Ltd, 2011.
**Sliocht 3 agus Tasc Cumadóireachta lch14**
Price, F. 'Andante Moderato' (*curtha in oiriúint)*, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, 2025.

**<u>Ceist 4</u>**

**Sliocht 1**
Pink Floyd. 'Money', *The Dark Side of the Moon (2011 Athmháistrithe)*, Pink Floyd Music Ltd, 2016.
**Sliocht 2**
Collier, J. 'Witness Me (feat. Shawn Mendes, Stormzy & Kirk Franklin)', *Djesse Vol. 4*, Hajanga Records, 2023.
**Sliocht 3 agus 4**
Bon Jovi. 'Livin' On a Prayer', *Greatest Hits: The Ultimate Collection (Deluxe Edition)*, UMG Recordings, Inc., 2010.

**<u>Ceist 5</u>**
**Sliocht 1**
Kennedy, D. 'Better Days', *Better Days- EP*, Riggins Recording/Interscope Records/Island Records, 2021.
**Sliocht 2**
Horan, N. 'This Town', *This Town-Single*, Neon Haze Music Ltd, 2016.

**<u>Ceist 6</u>**
**Sliocht 1**
Chris Thile and Brad Mehldau. 'Tabhair dom do Lámh', *Chris Thile & Brad Mehldau*, Nonesuch Records, 2017.
**Sliocht 2**
Catrin Finch & Aoife Ní Bhríain. 'Wish', *Double You*, Mwldan, ARC Music Productions International Limited, 2023.
**Sliocht 3**
The olllam. 'the bell', *the olllam*, Compass records, 2012.

**D'fhéadfadh athchóirithe a dhéanamh ar an ábhair, chun críche measúnachta, gan cead a fháil roimh ré.**

**CRITEIR MHEASÚNACHTA DON CHEOLCHASADH**

| Rialú teicniúil | Ceolmhaireacht |
|---|---|
| 1. **Tuinairde:** - cruinneas agus comhsheasmhacht<br>2. **Rithim:** - cruinneas agus comhsheasmhacht<br>3. **Rialú láimhe/teicniúil cuí:**<br>- Iontonú<br>- Rialú an táirgthe fuaime<br>- Slándáil theicniúil | **1.** Míriú, análú, urlabhra, mothú **mar is cuí don stíl agus don aoisghrúpa**<br>• **Stíl phopcheoil:** luí le focail agus rithim<br>• **Stíl thraidisiúnta :** rithim phortaireachta<br>• **Stíl chlasaiceach :** míriú agus mothú<br>2. Luas cuí<br>**3.** Riachtanais dinimice **mar is cuí don stíl agus don aoisghrúpa**<br>4. Iontonú<br>5. Líofacht |

**Eochair do na Gráid:**

| Gradam (G) | Ardtuillteanas (A) | Tuillteanas (T) | Gnóthaithe (GN) | Gnóthaithe go páirteach (GP) | Neamhghrádaithe (NG) |
|---|---|---|---|---|---|
| 108 – 120 | 90 – 107 | 66 – 89 | 48 – 65 | 24 – 47 | 0 - 23 |

| I: Rialú teicniúil | | II: Ceolmhaireacht | | III: Triail neamhullmhaithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Marc** | **Cur síos** | **Marc** | **Cur síos** | **Marc** | **Cur síos** | |
| **24** | | **72** | | **24** | **Amharcléamh/ Cluaschuimhne** | **Tobchumadh** |
| 23-24<br>21-22 | • Tuinairde agus/nó rithim den scoth<br>• Rialú den scoth | 71-72<br>68-70<br>65-67 | • Ceolchasadh ceolmhar den scoth | 23-24<br>21-22 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach den scoth<br>• Leanúnachas agus buille den scoth | • Forbairt den scoth ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille den scoth |
| 19-20<br>17-18 | • Tuinairde agus/nó rithim an-mhaith<br>• Rialú an-mhaith | 62-64<br>58-61<br>54-57 | • Ceolchasadh an-cheolmhar | 19-20<br>17-18 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach an-mhaith<br>• Leanúnachas agus buille an-mhaith | • Forbairt an-mhaith ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille<br>• an-mhaith |
| 15-16<br>13-14 | • Tuinairde agus/nó rithim mhaith<br>• Rialú maith | 50-53<br>45-49<br>40-44 | • Ceolchasadh ceolmhar maith | 15-16<br>13-14 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach maith<br>• Leanúnachas agus buille maith | • Forbairt mhaith ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille maith |
| 11-12<br>9-10 | • Tuinairde agus/nó rithim réasúnta<br>• Rialú réasúnta | 37-39<br>33-36<br>29-32 | • Ceolchasadh réasúnta ceolmhar | 11-12<br>9-10 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach réasúnta<br>• Leanúnachas agus buille réasúnta | • Forbairt réasúnta ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille réasúnta |
| 7-8<br>5-6 | • Tuinairde agus/nó rithim lag<br>• Rialú lag | 24-28<br>19-23<br>14-18 | • Ceolchasadh ceolmhar lag | 7-8<br>5-6 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach lag<br>• Leanúnachas agus buille lag | • Forbairt lag ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille lag |
| 3-4<br>0-2 | • Tuinairde agus/nó rithim an-lag<br>• Rialú an-lag | 9-13<br>5-8<br>0-4 | • Ceolchasadh ceolmhar an-lag | 3-4<br>0-2 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach an-lag<br>• Leanúnachas agus buille an-lag | • Forbairt an-lag ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille an-lag |